Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Feabhra 2018 (OR. en)**

**6346/18**

**COHOM 28**
**COPS 46**
**CONUN 56**
**COASI 36**
**MAMA 21**
**COEST 41**
**COAFR 46**
**CFSP/PESC 164**
**DEVGEN 17**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Feabhra 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais i bhFóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2018 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh ag Fóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2018, a ghlac an Chomhairle ag an 3598ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 26 Feabhra 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TOSAÍOCHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH AG FÓRAIM DE CHUID NA NÁISIÚN AONTAITHE UM CHEARTA AN DUINE IN 2018**

1. Ceann de luachanna bunaidh an Aontais Eorpaigh is ea an urraim do chearta an duine. Is colún lárnach inár gcuid gníomhaíochta seachtraí é an tiomantas do chearta an duine, mar a léirítear i Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mbeartas eachtrach agus slándála. Tá cur chun cinn agus cosaint chearta an duine i gcroílár na hiltaobhachta agus is colún lárnach é i gcóras na Náisiún Aontaithe. Tá an tsíocháin agus an tslándáil, cearta an duine agus an fhorbairt doscartha óna chéile agus déanann siad a chéile a threisiú. Tá an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta agus leanfaidh sé de bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh na dtrí ghné sin.

2. Go háirithe anois agus é 70 bliain ó rinneadh Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, tacaíonn an tAontas Eorpach go láidir leis an ngealltanas ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe cur le tábhacht chearta an duine agus déanamh go mbeidh an cosc agus an tsíocháin inbhuanaithe mar thosaíocht i gcóras na Náisiún Aontaithe, trí dhul i ngleic le bunchúiseanna na gcoinbhleachtaí, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar sháruithe agus mí-úsáidí i réimse chearta an duine. Athdhearbhaíonn an tAontas freisin a sheasamh láidir, mar is iomchuí i mbliain seo cheiliúradh 25 bliana Dhearbhú agus Chlár Gníomhaíochta Vín, gur luachanna uilíocha, doroinnte, idirspleácha agus idirghaolmhara iad cearta uile an duine. Ina theannta sin, meabhraíonn an tAontas a thiomantas i ndáil leis an bhFreagracht chun Cosanta a chur chun feidhme, agus cosc agus deireadh a chur le sáruithe ar chearta an duine i gcomhthéacs ainghníomhartha. Tacaíonn sé le Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le hOideachas agus Oiliúint faoi Chearta an Duine, agus iarrann sé ar na Ballstáit gníomhú ar mhaithe lena chur chun feidhme.

3. Athdhearbhaíonn an tAontas a thacaíocht láidir do neamhspleáchas agus d'obair an Ardchoimisinéara um Chearta an Duine agus dá Oifig, agus do chóras iomlán na Náisiún Aontaithe um chearta an duine, agus iad ag dul i ngleic le mí-úsáidí agus sáruithe ar chearta an duine, lena n-áirítear trí ráitis agus rúin thír-shonracha agus théamacha, trí choimisiúin fiosrúcháin, trí mhisin aimsithe fíoras agus trí na nósanna imeachta speisialta, tríd an Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann, agus trí thacaíocht ghníomhach a thabhairt do chosantóirí uile chearta an duine i gcoinne mí-úsáidí agus sáruithe arna ndéanamh ag gníomhaithe stáit agus gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad araon.

4. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart go gcloídh comhaltaí uile na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear comhaltaí na Comhairle um Chearta an Duine, leis na caighdeáin is airde ó thaobh cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, agus go gcomhoibreoidís go huile agus go hiomlán leis an gComhairle agus lena sásraí. Athdhearbhaíonn sé a chuid tacaíochta le feidhmiú éifeachtach éifeachtúil na Comhairle um Chearta an Duine agus leanann sé de bheith tiomanta don chomhar le gach tír agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha i bpróiseas trédhearcach trasréigiúnach leis an gComhairle a láidriú agus chun a bhfuil bainte amach aici a chosaint, agus é seo ar fad mar chuid den iarracht chun cur le tábhacht chearta an duine in athchóiriú na Náisiún Aontaithe.

5. Chomh maith lena rannpháirtíocht láidir i bhfóraim chearta an duine na Náisiún Aontaithe, leanfaidh an tAontas Eorpach, lena n-áirítear trí Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh Chearta an Duine agus i ndlúthchomhar le hIonadaithe Speisialta Réigiúnach an Aontais Eorpaigh, d'úsáid iomlán a bhaint as an réimse ionstraimí agus beartas atá ar fáil chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud na cruinne, lena n-áirítear idirphléití déthaobhacha ar chearta an duine, príomhshruthú chearta an duine i mbeartas an Aontais agus na hidirphléití agus na fóraim eile, idir dhéthaobhach agus iltaobhach, breathnóireacht ar thoghcháin, ráitis phoiblí, taidhleoireacht phoiblí, maoiniú ar thionscadail agus gníomhaíocht taidhleoireachta. Fearfaimid fáilte freisin roimh an dul chun cinn a dhéanfar sna tíortha comhpháirtíochta, malartóimid dea-scéalta agus dea-chleachtais i réimse chearta an duine ar fud na cruinne, agus leanfaimid de bheith ag iarraidh an t-idirphlé agus an comhar a bhunú le comhpháirtithe ó na réigiúin uile.

6. Leanfaidh an tAontas de pháirt ghníomhach a ghlacadh sna hiarrachtaí idirnáisiúnta chun comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus cur chun cinn chearta na mban a bhaint amach mar ábhar tosaíochta. Leanfaidh an tAontas de lánpháirtiú na gné inscne a lorg i ngach gné d'obair na Comhairle um Chearta an Duine, an Chomhthionóil Ghinearálta agus fóraim eile um chearta an duine. Agus í ag meabhrú di an Chomhthoil Eorpach um Fhorbairt, leanann an Chomhairle de bheith tiomanta do gach ceart daonna a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh agus do Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt agus toradh a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach, agus leanann sí de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, sa chomhthéacs seo. Leanfaidh an tAontas dá chuid iarrachtaí chun rún 1325 Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go héifeachtach mar aon le rúin ina dhiaidh sin faoi mhná, faoi shíocháin, agus faoi shlándáil, agus méadóidh sé na hiarrachtaí chun gach foirm foréigin agus idirdhealaithe i gcoinne ban agus cailíní a chosc agus a dhíchur ar fud an domhain.

7. I mbliana, agus sinn ag comóradh 20 bliain Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine, is cúis mhór buartha ag an Aontas Eorpach an brú méadaitheach i ngach réigiún i gcoinne chosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear ionsaithe foréigneacha, daoine a bheith ar iarraidh de thoradh fornirt, ionchúiseamh mailíseach, córais phionósacha clárúcháin ach, chomh maith leis sin, srianta ar mhaoiniú a fháil. Leanfaidh an tAontas de chosaint a thabhairt d'eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta atá ag troid ar son chearta an duine, agus do chosantóirí aonair chearta an duine, lena n-áirítear blagálaithe, iriseoirí, agus gníomhaithe eile sna meáin agus dlíodóirí chearta an duine. Beidh aird ar leith aige ar na rioscaí sonracha a bhíonn ag mná, cosantóirí dúchasacha chearta an duine agus cosantóirí eile chearta an duine atá i staideanna leochaileacha, lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine LGBTI agus beidh aird ar leith aige ar na bagairtí iomadúla a bhíonn i gceist agus daoine ag comhrac i gcoinne mí-úsáidí i gcúrsaí gnó agus i gcásanna a bhaineann le cearta talún. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cáineadh agus ag cur i gcoinne an imeaglaithe, an chiaptha agus na mbeart díoltas i gcoinne daoine aonair agus grúpaí atá ag comhoibriú leis na Náisiúin Aontaithe, a n-ionadaithe agus a gcuid sásraí i réimse chearta an duine, agus athdhearbhaíonn sé a thacaíocht le hArd-Rúnaí Cúnta na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, lena n-áirítear as a chuid oibre sa réimse sin.

8. Ní fhéadfaidh an comhphobal idirnáisiúnta glacadh leis go deo go mbeadh daoine ag dul saor ó phionós i gcás cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh, nó sáruithe agus mí-úsáid i ndáil leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Leanfaidh an tAontas, dá bhrí sin, dá iarrachtaí seanbhunaithe chun deireadh a chur le daoine a bheith ag dul saor ó phionós, leis an gcuntasacht a neartú agus le tacú le ceartas idirthréimhseach. I gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus a chuid prionsabal, tá cosaint ag dul do shibhialtaigh agus do nithe sibhialta go ginearálta, níl siad le bheith ina gcuspóir ionsaithe agus ba cheart go mbeadh cúnamh daonnúil a bheith in ann teacht chomh fada leo. Chomh maith leis sin, agus go háirithe i mbliana agus Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha á comóradh againn, cuireann an tAontas in iúl gur údar imní dó minicíocht agus scála an scriosta a dhéantar ar an oidhreacht chultúrtha, agus tacaíonn sé leis na hiarrachtaí agus na tionscnaimh ábhartha a bhfuiltear ag tabhairt fúthu i bhfóraim éagsúla de chuid na Náisiún Aontaithe chun aird a tharraingt ar na gníomhartha sin agus féachaint lena seachaint.

9. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach a chuid tacaíochta leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus le huilíocht Reacht na Róimhe, arb ar an bhfód anois dó le 20 bliain anuas. Is díol sásaimh dúinn an cinneadh a rinneadh dlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta a ghníomhachtú ó thaobh choir an ionsaithe sa chreat a bunaíodh ag an Tionól is déanaí de na Páirtithe Stát. Is den fhíor-riachtanas é go mbeadh comhar iomlán ann idir na Páirtithe Stát agus gur cúirt uilíoch a bheadh sa Chúirt má táthar chun gealltanas an cheartais iomláin a chur i ngníomh. I dtaca leis sin, is oth leis an Aontas gur tharraing an Bhurúin siar as Reacht na Róimhe, gníomh gan fasach roimhe seo.

10. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le córas láidir cosanta chearta an duine ar mhór-roinn na hEorpa, a gcaithfidh Comhairle na hEorpa agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine leanúint de bheith ina mbunchlocha ann.

11. Leanfaidh an tAontas den urraim don éagsúlacht a chur chun cinn ina chaidreamh seachtrach ar fad trí chearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn do dhaoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad, lena n-áirítear cearta a fuarthas cheana féin, i gcomhréir le noirm agus caighdeáin infheidhme na Náisiún Aontaithe agus Chomhairle na hEorpa.

12. Sa Chomhairle um Chearta an Duine agus i dTríú Coiste Thionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh tionscnaimh do chearta an duine i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, i Maenmar/Burma agus sa Bhurúin. Tacóidh sé le gníomhaíocht maidir leis an Iaráin, maidir le Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus cathair Sevastapol (an Úcráin) a ndearnadh nasc-ghabháil neamhdhleathach orthu, maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó agus maidir leis an tSiria. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar stáit agus ar pháirtithe eile comhoibriú go hiomlán le sásraí agus nósanna imeachta speisialta na Comhairle um Chearta an Duine agus rochtain iomlán, neamhchoinníollach agus gan bhac a thabhairt dóibh. Leanfaidh sé de bheith ag éileamh go gceadófar cúnamh tarrthála dóibh siúd atá i ngátar, lena n-áirítear in Éimin, sa tSiria, i Maenmar/Burma, sa Libia, sa tSúdáin Theas, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, i bPoblacht na hAfraice Láir, agus i stráice Gaza agus sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais san Úcráin. Díreoidh an tAontas aird i ngach fóram ábhartha faoi chearta an duine, lena n-áirítear an Chomhairle um Chearta an Duine, ar an staid maidir le cearta an duine i réigiún na hAbcáise agus réigiún Tskhinvali/na hOiséite Theas den tSeoirse. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag éileamh go gcuirfí deireadh láithreach leis an drochíde agus na sáruithe uafásacha ar chearta an duine, cuid acu a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna i gcoinne an chine dhaonna, i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, sa tSiria, i Maenmar/Burma, sa Bhurúin agus sa tSúdáin Theas agus go ndéanfaí iad siúd atá freagrach a ionchúiseamh.

13. Tá an tAontas i gcoinne phionós an bháis i ngach cúinse agus measann sé gur sárú tromchúiseach ar chearta agus ar dhínit an duine é. Sna háiteanna inar cuireadh deireadh le pionós an bháis, spreagaimid na rialtais an t-éacht tábhachtach sin a chosaint sa bhunreacht agus an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla a dhaingniú. Sna háiteanna sin ina bhfuil moratorium á chur i bhfeidhm, spreagaimid na rialtais leanúint de sin agus bogadh ar aghaidh chun fáil réidh le pionós an bháis ar fad. Ba cheart gach céim ar gcúl a sheachaint. Sna háiteanna inarb ann do phionós an bháis fós, iarann an tAontas go n-oibreofaí le fáil réidh leis de réir a chéile agus má gá é a úsáid go ndéanfaí sin i gcomhréir leis na hoibleagáidí íosta idirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas de bheith ag labhairt amach i gcoinne daoine a bheith á gcur chun báis, go háirithe i gcás ollbhásuithe nó i gcás ina n-úsáidtear pionós an bháis i ndáil le cionta arna ndéanamh ag daoine faoi bhun ocht mbliana déag d'aois nó cásanna a sháraíonn caighdeáin íosta eile. De thoradh na tacaíochta láidre trasréigiúnaí a tugadh don rún maidir le moratorium a chur ar phionós an bháis ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 71 (UNGA 71), leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis an obair a dhéanann na Náisiúin Aontaithe chun pionós an bháis a chur ar ceal ar fud an domhain, go háirithe sa Chomhairle um Chearta an Duine agus le linn UNGA 73.

14. Leanfaidh an tAontas de pháirt a ghlacadh sa chomhrac i gcoinne céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, go háirithe arna dhéanamh ag pearsanra um fhorfheidhmiú an dlí agus na fórsaí slándála. Cuirfidh an tAontas, de réir mar is gá, a gcuid oibleagáidí i ndáil leis sin i gcuimhne do na tíortha lena mbaineann, lena n-áirítear an tSiria, an Araib Shádach, Maenmar/Burma, an Bhurúin, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, an Bhangladéis agus an Libia. Tá imní ar an Aontas i gcónaí faoi na cásanna a tuairiscíodh de dhrochíde agus céasadh faoi choinneáil sa tSín agus iarrann sé ar na húdaráis imscrúdú críochnúil a dhéanamh orthu.

15. Iarrann an tAontas ar na stáit uile a áirithiú go ndéanfaí imscrúdú trédhearcach neamhchlaonta go pras éifeachtach ar chásanna daoine atá ar iarraidh de thoradh fornirt agus daoine a cuireadh chun báis go seachbhreithiúnach, bíodh sé sin arna dhéanamh ag fórsaí poiblí nó príobháideacha, sa chaoi go n-áiritheofaí ionchúiseamh iomchuí i ndáil leo siúd atá freagrach, agus cuireann sé in iúl go bhfuil imní air i ndáil le cásanna den sórt sin, go háirithe sa Libia, sa tSiria, i Maenmar/Burma, sa Bhanglaidéis, i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus i gcathair Sevastapol (an Úcráin) a ndearnadh nasc-ghabháil neamhdhleathach orthu, an limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais san Úcráin, i gCónaidhm na Rúise, sna hOileáin Fhilipíneacha, sa Phacastáin, sa Bhurúin agus i Veiniséala.

16. Ag meabhrú dó a Chonclúidí roimhe seo, athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach an cáineadh láidir daingean a rinne sé ar gach cineál agus gach modh sceimhlitheoireachta, beag beann ar an té a dhéanann nó ar chúis a déanta. Cé gur eol dó gan aon agó dúshláin thromchúiseacha na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh do chobhsaíocht agus do shlándáil na dtíortha, fós féin iarann an tAontas ar gach stát a áirithiú go bhfreagrófar do choireanna sceimhlitheoireachta ar bhealach a bheidh i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá cosaint agus cur chun cinn chearta íospartaigh na gcoireanna sceimhlitheoireachta.

17. I gcomhréir le Dearbhú agus Clár Gníomhaíochta Vín, leanfaidh an tAontas de bheith ag díriú ar na cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a chosaint agus a chur chun cinn, agus ar Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme, trí chur chuige cearta-bhunaithe chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, lena n-áirítear cearta an duine chun sláinte, oideachais, tithíochta, bia, uisce óil agus sláintíocht atá sábháilte, agus an cearta chun obair chuibhiúil, chomh maith le sraitheanna na cosanta sóisialta a fhorbairt agus a clúdach a leathnú agus chun fáil réidh leis an mbearna inscne. Tacóidh sé leis an rannpháirtíocht agus cuirfidh sé chun cinn í mar uirlis ábhartha don dea-rialachas.

18. Athdhearbhaíonn an tAontas gur deargshárú agus gur mí-úsáid é gach cineál gáinneála ar dhaoine, lena n-áirítear imircigh agus dídeanaithe, gur coireacht eagraithe í agus gur bagairt don tsíocháin, don rialachas daonlathach agus don smacht reachta í freisin. Leanfaidh sé de bheith ag obair, go háirithe leis na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Afracach chun feabhas a chur ar chosaint chearta daonna na n-imirceach agus na ndídeanaithe, sa Libia agus áiteanna eile nach í.

19. Thairis sin, cuireann an tAontas i dtreis gur gá cearta an duine a chosaint go héifeachtach, agus aird ar leith á tabhairt ar na rioscaí sonracha atá os comhair na ndaoine sin atá i staideanna leochaileacha. Meabhraíonn sé go mbaineann dúshláin chasta leis an easáitiú éigeantach. Is féidir leis an imirce neamhrialta a bheith ina siocair le dúshláin mhóra agus tionchar diúltach a imirt ar na tíortha tionscnaimh, ar na tíortha idirthurais agus ar na tíortha cinn scríbe. Leanfaidh an tAontas de bhéim a leagan ar a thábhachtaí atá sé cloí leis an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe, lena n-áirítear prionsabal an *non-refoulement*, seasamh leis an dlí um chearta an duine, agus an oibleagáid daoine a chosaint ar gháinneáil ar dhaoine agus ar mhí-úsáidí eile, agus fanfaidh sé dílis dá thiomantas don cheart chun tearmann a lorg. Tá an tAontas iomlán rannpháirteach i gcónaí sna pléití maidir le Comhshocruithe Domhanda na Náisiún Aontaithe bunaithe ar Dhearbhú NA do Dhídeanaithe agus d'Imircigh dar dáta Meán Fómhair 2016. Aithníonn sé go bhfuil ceart ceannasach ag na Stáit a chinneadh cé dóibh a ligfidh siad teacht isteach ar a gcríoch agus go bhfuil cearta agus freagrachtaí acu a gcuid teorainneacha a bhainistiú agus a rialú mar ghné thábhachtach slándála do na Stáit ag cloí go hiomlán lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta.

20. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag cáineadh na gcásanna ina bhfuil neamhshuim á déanamh de shaoirse agus de shlándáil daoine aonair nó grúpaí, lena n-áirítear cásanna dearbhaithe de dhaoine a bheith á ngabháil agus á gcoinneáil go treallach, mar a tharla mar shampla i Veiniséala, san Eiritré, sa tSín, sa Tuirc go háirithe tar éis na hiarrachta ar coup i mí Iúil 2016 agus sa chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil, lena n-áirítear mionaoisigh Phalaistíneacha a bheith á ngabháil go treallach ag Iosrael.

21. Leanfaidh an tAontas de bheith ina chrann taca i ndáil leis na cearta chun saoirse tuairimíochta agus cainte, as líne agus ar líne, lena n-áirítear le haghaidh iriseoirí agus blagálaithe, agus i ndáil leis an tsaoirse comhthionóil agus comhlachais ar fud an domhain, agus leanfaidh sé de bheith ag iarraidh ar na stáit, lena n-áirítear Cónaidhm na Rúise, an tSín, Bairéin, an Bhurúin, an Bhealarúis, an tSúdáin, an Éigipt, an Tuirc, Vítneam, an Iaráin, agus Poblacht Dhaonlathach an Chongó gan srian a chur ar na saoirsí sin trí reachtaíocht dhíréireach a chur i bhfeidhm lena ndéanfaí iad a theorannú ná tríd an spás atá ann d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a theorannú as cuimse ach oiread. Cáinfidh an tAontas marú, foréigean, imeaglú agus ciapadh arna dhéanamh i gcoinne iriseoirí agus gníomhaithe eile de chuid na meán ag gníomhaithe stáit agus gníomhaithe eile nach gníomhaithe stáit iad araon.

22. Iarrann an tAontas ar na tíortha uile, lena n-áirítear an Chambóid, Veiniséala, an Asarbaiseáin, an Aetóip, an Ghabúin, Tóga, Cónaidhm na Rúise, agus an Bhealarúis, a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le saoirsí polaitiúla, lena n-áirítear cearta an fhreasúra pholaitiúil, an ceart chun agóid shíochánta a dhéanamh, an ceart chun páirt a ghlacadh i ngnóthaí poiblí agus urraim do noirm an daonlathais agus don smacht reachta.

23. Leanfaidh an tAontas de shaoirse reiligiúin nó creidimh a chur chun cinn do chách, seasfaidh sé go láidir i gcoinne éadulaingt reiligiúin agus oibreoidh sé le go dtabharfaí tuilleadh cosanta do dhaoine ar de mhionlaigh reiligiúin agus de mhionlaigh eile iad ar fud na cruinne i gcoinne géarleanúna agus foréigin. Saothróidh sé a chuid tionscnamh maidir le saoirse reiligiúin nó creidimh ag an gComhairle um Chearta an Duine agus i gComhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus béim ar leith á leagan ar chur chun feidhme na ngealltanas a tugadh cheana. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cur i gcoinne gach cineál ciníochais, idirdhealaithe chiníoch, seineafóibe agus éadulaingthe gaolmhaire ar fud an domhain. Leanfaidh sé de phrionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn i bhfóraim na Náisiún Aontaithe agus ina ghníomhaíocht sheachtrach agus leanfaidh sé d'aon idirdhealú a chomhrac bunaithe ar aon fhoras lena n-áirítear maidir le hinscne, cine, tionscnamh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, míchumas, aois, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne.

24. Leanfaidh an tAontas de thionscnaimh a ghlacadh chun cearta an linbh a chosaint i bhfóraim na Náisiún Aontaithe, agus oibreoidh sé le ballraíocht na Náisiún Aontaithe trí chéile chun an tosaíocht sin a chur ar aghaidh, go háirithe cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear i gcomhthéacs coinbhleachta armtha, leanaí atá ag maireachtáil sa bhochtaineacht, agus deireadh a chur le gach cineál foréigin, lena n-áirítear an bhulaíocht, agus cleachtais dhíobhálacha amhail pósadh linbh, pósadh luath, pósadh éigeantach, agus ciorrú ball giniúna ban.

25. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag comhoibriú leis na geallsealbhóirí ar fad ar fud an domhain maidir le tionscnaimh chun Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus le Cearta an Duine a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí phleananna gníomhaíochta náisiúnta, agus den chuntasacht a chur chun cinn i leith sáruithe ar chearta an duine agus ag obair le go n-aithneofaí an gá le leigheas éifeachtach do gach íospartach de mhí-úsáidí agus de sháruithe ar chearta an duine, agus ag glacadh go fonnmhar le deiseanna foghlama piaraí i dtaca le cur chun feidhme na bPrionsabal Treorach.